Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 28 Feabhra 2023**
**(OR. en)**

**6927/23**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0065(NLE)**

**UK 25**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 27 Feabhra 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 120 final |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Mheitheal Chomhairleach Chomhpháirteach arna bunú leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach a mhéid a bhaineann le leasú a dhéanamh ar a cuid rialacha nós imeachta |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 120 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 120 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 27.2.2023
COM(2023) 120 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Mheitheal Chomhairleach Chomhpháirteach arna bunú leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach a mhéid a bhaineann le leasú a dhéanamh ar a cuid rialacha nós imeachta**

## IARSCRÍBHINN

## DRÉACHTCHINNEADH UIMH. [..]/2023 ÓN MEITHEAL CHOMHAIRLEACH CHOMHPHÁIRTEACH ARNA BUNÚ LEIS AN gCOMHAONTÚ MAIDIR LE RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE AGUS THUAISCEART ÉIREANN A BHEITH AG TARRAINGT SIAR AS AN AONTAS EORPACH AGUS AS AN gCOMHPHOBAL EORPACH DO FHUINNEAMH ADAMHACH

**an [XX]**

**lena leasaítear a rialacha nós imeachta**

AN MHEITHEAL CHOMHAIRLEACH CHOMHPHÁIRTEACH,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach[1] (an 'Comhaontú um Tharraingt Siar'), agus go háirithe Airteagal 15(6) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann a ghabhann leis an gComhaontú um Tharraingt Siar (an Prótacal),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 15(6) den Phrótacal, glacfaidh an Mheitheal Chomhairleach Chomhpháirteach ('an mheitheal') a cuid rialacha nós imeachta féin de chomhthoil. Ghlac an mheitheal a rialacha nós imeachta ag an gcéad chruinniú a bhí aici an 29 Eanáir 2021.

(2) Ó bhí an chéad chruinniú aici, tá oibriú na meithle forbartha ag an Aontas agus ag an Ríocht Aontaithe, agus tá cleachtais sainaitheanta acu a chuirfeadh feabhas ar an gcaoi a gcuireann an mheitheal a cúraimí mar a shainmhínítear in Airteagal 15 den Phrótacal i gcrích.

(3) Go háirithe, d'áiritheofaí níos fearr leis na feabhsuithe sin go mbeadh an Ríocht Aontaithe in ann a tuairimí a phlé sa mheitheal maidir le gníomhartha de chuid an Aontais laistigh de raon feidhme an Phrótacail, lena n-áirítear ar bhonn ionchur na bpáirtithe leasmhara i dTuaisceart Éireann, ionas gur féidir iad a mheas sula nglacfar gníomhartha den sórt sin de chuid an Aontais.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Déanfar Rialacha Nós Imeachta na Meithle Comhairlí Comhpháirtí a leasú mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in XX, XX Feabhra 2023

An Mheitheal Chomhairleach Chomhpháirteach

Na Comhchathaoirligh

[1] IO L 29, 31.1.2020, lch. 7.

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Riail 3 de Rialacha Nós Imeachta na Meithle Comhairlí Comhpháirtí (*Rannpháirtíocht i gcruinnithe*) mar a leanas:

1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil: 'Rannpháirtíocht i gcruinnithe agus i bhfoghrúpaí struchtúrtha'

2) Cuirtear isteach na pointí 3, 4 agus 5 seo a leanas:

'3. I gcás inarb iomchuí, tacóidh foghrúpaí struchtúrtha leis an meitheal, ar a mbeidh oifigigh ón gCoimisiún Eorpach agus ó Rialtas na Ríochta Aontaithe, a chuideoidh leis an meitheal a cuid feidhmeanna a chur i gcrích mar fhóram éifeachtach le haghaidh malartú faisnéise agus comhairliúchán frithpháirteach.

4. Tionólfar cruinnithe sna foghrúpaí struchtúrtha, de réir mar is gá, chun a áirithiú go ndéanfaidh an tAontas tuairimí na Ríochta Aontaithe maidir le gníomhartha beartaithe de chuid an Aontais a ndéanfar malartú faisnéise ina leith faoi Airteagal 15(3) den Phrótacal a mheas go tráthúil.

5. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag na rialacha go léir dá bhforáiltear sna Rialacha Nós Imeachta seo maidir le cruinnithe na bhfoghrúpaí struchtúrtha.'